Déan plé ar thábhacht na Gaeltachta traidisiúnta agus na bpobal Gaeilge taobh amuigh di.

Is í an Ghaeilge teanga náisiúnta na hÉireann ach a bhuí le feachtas géarleanúna ina héadán thar blianta fada, ní labhraítear go forleathan níos mó í. San aiste seo, déanfaidh mé plé ar thábhacht na Gaeltachta traidisiúnta agus na bpobal Gaeilge taobh amuigh di.

I dtús báire, ní mór dom an téarma 'Gaeltacht' a mhíniú. Is ionann Gaeltacht agus ceantar ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt ó dhubh go dubh. Go traidisiúnta, tá Gaeltachtaí na hÉireann lonnaithe ar an chósta in iarthar na hÉireann, sna píosaí is faide ó Shasana. Ní comhtharlú ar bith é gur mhair an Ghaeilge sna ceantair seo, agus gur fhás tionchar an Bhéarla sna ceantair eile. Go minic, is áiteanna iargúlta iad na Gaeltachtaí ina bhfuil talamh creagach agus bhí níos mó suime ag na Sasanaigh in áiteanna ina raibh daonra níos airde, agus talamh níos méithe. Cibé stair atá taobh thiar di, mhair an Ghaeilge sna háiteanna seo mar nach raibh tionchar na Sasanach chomh láidir sin iontu. Mar gheall air seo, tá an Ghaeilge is deise, is saibhre agus is nádúrtha sa tír sa Ghaeltacht. Is féidir dul ann agus dearmad a dhéanamh faoin Bhéarla agus an Ghaeilge a fheiceáil agus a chluinstin ar fud na háite. Ar ndóigh, tugann na coláistí samhraidh go leor cuairteoirí ann. Gach samhradh, tugann daltaí scoile, mic léinn ollscoile agus daoine fásta aghaidh ar chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht.

Agus sin ráite, is léir le tamall de bhlianta anuas go bhfuil gluaiseacht eile Gaeilge in Éirinn taobh amuigh de na Gaeltachtaí traidisiúnta. Tá an-chuid béime ar an teanga anois sa 'Ghalltacht' agus líon na gcainteoirí Gaeilge ag fás i dtólamh. Tá níos mó ná caoga míle páiste san oideachas lán-Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht, gan trácht ar na daltaí ata ag dul don Ghaeilge sna scoileanna Béarla, ná na mic léinn ollscoile. Tá borradh as cuimse tagtha fosta ar líon na ndaoine fásta atá ag foghlaim na Gaeilge i ranganna oíche. Lena chois sin, mar gheall gur áiteanna iargúlta iad na Gaeltachtaí, tá i bhfad Éireann níos mó daoine sna cathracha, agus mar sin de, i bhfad Éireann níos mó Gaeilgeoirí. Sna cathracha móra, táthar ag iarraidh Gaeltachtaí uirbeacha a bhunú agus tá obair mhór déanta i mBéal Feirste leis 'An Cheathrú Ghaeltachta', mar shampla.

Is ríléir go bhfuil tábhacht nach beag leis an Ghaeltacht thraidisiúnta nó gurb í sin an áit ina bhfuil an Ghaeilge leis na cianta, gan mórán de chur isteach ón taobh amuigh. Agus sin ráite, caithfidh mé a rá go bhfuil tábhacht thar na bearta leis an phobal Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht mar go bhfuil beocht agus díograis sna daoine sin atá ag cuidiú leis an teanga a chur chun cinn. Is dóigh liom féin go gcaithfear deireadh a chur leis an mheon gur dhá phobal éagsúla iad an Ghaeltacht agus cainteoirí Gaeilge taobh amuigh di. Nach Gaeil muid uilig? Nach Éireannaigh muid? Nach í teanga na tíre í atá muid a labhairt? Go dtí go gcuirtear deireadh leis an dearcadh scartha seo, ní bheidh muid in ann dul chun cinn agus iarrachtaí cearta a dhéanamh an Ghaeilge a chaomhnú.